**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0307/2023**

26.10.2023

*****I**

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe
(COM(2023)0208 – C9-0137/2023 – 2023/0108(COD))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Josianne Cutajar

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................31

LITIR ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA.......................................................................................................34

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................39

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........40

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe**

**(COM(2023)0208 – C9-0137/2023 – 2023/0108(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0208),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0137/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0307/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 349, 29.9.2023, lch. 167.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0108 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le ***cló trom iodálach***; tá téacs atá scriosta léirithe leis an tsiombail ▌.

[1] ***IO C 349, 29.9.2023, lch. 167.***

[2] ***Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an …***

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], cuirtear creat ar bun chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú ar mhaithe le leibhéal leormhaith cibearshlándála le haghaidh táirgí ***teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (***TFC***)***, seirbhísí TFC agus próisis TFC san Aontas a áirithiú, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála san Aontas.

***(1a) Chun athléimneacht an Aontais in aghaidh cibirionsaithe a áirithiú agus chun aon leochaileacht i margadh an Aontais a chosc, tá sé beartaithe leis an Rialachán seo go gcomhlánófar an creat rialála cothrománach lena mbunaítear ceanglais chuimsitheacha chibearshlándála le haghaidh gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (2022/0272(COD)), trí cheanglais fhíor-riachtanacha a bhunú le haghaidh seirbhísí bainistithe cibearshlándála, chur i bhfeidhm na seirbhísí sin agus a n-iontaofachta.***

(2) Seirbhísí slándála bainistithe, ar seirbhísí iad lena ndéantar gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca cibearshlándála a gcustaiméirí, nó lena dtugtar cúnamh dóibh, ***lena n-áirítear teagmhais a bhrath, freagairt orthu nó téarnamh uathu,*** tá tábhacht mhéadaitheach ag baint leo i ndáil le teagmhais chibearshlándála a chosc agus a mhaolú. ***Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe seirbhísí a bhaineann le cosc, sainaithint, cosaint, brath, anailísiú, srianadh, freagairt agus téarnamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do sholáthar faisnéise faoi chibearbhagairtí, faireachán fíor-ama ar bhagairtí trí theicnící réamhghníomhacha, lena n-áirítear slándáil trí dhearadh, measúnú riosca, brath cuimsitheach, feabhsúchán agus freagairt.*** Dá réir sin, meastar gur eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha a bhaineann le hearnáil

---

[3] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

[4] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le ... (IO L, ..., ELI: …).

ardchriticiúlachta iad soláthraithe na seirbhísí sin de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. De bhun Aithris 86 den Treoir sin, tá tábhacht ar leith leis an ról atá ag soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe i réimsí amhail freagairt ar theagmhais, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus an chomhairleoireacht chun cúnamh a thabhairt d'eintitis lena n-iarrachtaí teagmhais a chosc agus a bhrath, freagairt orthu nó téarnamh uathu. Mar sin féin, díríodh cibirionsaithe freisin ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe, agus mar gheall ar a ndlúth-chomhtháthú in oibríochtaí a gcustaiméirí, tá riosca ar leith ag baint leo. Dá bhrí sin, ba cheart d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha de réir bhrí Threoir (AE) 2022/2555 a bheith níos dícheallaí agus soláthraí seirbhíse slándála bainistithe á roghnú acu.

(3) Tá ról tábhachtach freisin ag soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais, a dtacaítear lena chur ar bun de réir a chéile le Rialachán (AE) .../… [lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh]. Tá Cúltaca Cibearshlándála an Aontais le húsáid chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha agus gníomhaíochtaí téarnaimh láithreacha i gcás teagmhais chibearshlándála shuntasacha agus ar mórscála. Le Rialachán (AE) .../… [lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh], leagtar síos próiseas roghnúcháin le haghaidh na soláthraithe atá i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais, ar cheart a chur san áireamh ann, *inter alia*, an bhfuil deimhniú Eorpach cibearshlándála nó deimhniú náisiúnta cibearshlándála ag an soláthraí lena mbaineann. Na seirbhísí ábhartha a sholáthraíonn soláthraithe iontaofa de réir Rialachán (AE) .../… [lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais

[5] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh], comhfhreagraíonn siad do sheirbhísí slándála bainistithe i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(4) Ní hamháin go bhfuil deimhniú seirbhísí slándála bainistithe ábhartha sa phróiseas roghnúcháin do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais ach is táscaire cáilíochta riachtanach é freisin le haghaidh eintitis phríobháideacha agus phoiblí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí den sórt sin a cheannach. I bhfianaise chriticiúlacht na seirbhísí slándála bainistithe agus íogaireacht na sonraí a phróiseálann siad, d’fhéadfaí treoraíocht agus dearbhú tábhachtach maidir le hiontaofacht na seirbhísí sin a chur ar fáil do chustaiméirí ionchasacha leis an deimhniú. Le scéimeanna deimhniúcháin Eorpacha le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, rannchuidítear le hilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint. Dá bhrí sin, tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

***(4a) Maidir le scéimeanna deimhniúcháin Eorpacha le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, ba cheart go mbeadh glacadh na seirbhísí sin agus iomaíocht mhéadaithe sa réimse mar thoradh ar na scéimeanna sin, agus riachtanais shonracha na soláthraithe agus na dtairbhithe araon á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbainfí amach leis na scéimeanna sin cothromaíocht idir a gcuspóir agus an t-ualach rialála, riaracháin agus airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ar sholáthraithe, go háirithe micrifhiontair nó fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Ina theannta sin, ba cheart go spreagfaí leis na scéimeanna úsáid seirbhísí slándála bainistithe deimhnithe trí rannchuidiú lena n-inrochtaineacht, go háirithe le haghaidh gníomhaithe beaga, amhail micrifhiontair agus FBManna, chomh maith le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil acmhainneacht agus acmhainní teoranta acu, ach a bhíonn níos mó i mbaol sáruithe cibearshlándála a bhfuil impleachtaí airgeadais, dlíthiúla, clú agus oibríochtúla acu.***

***(4b) Le scéim deimhniúcháin an Aontais le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, ba cheart go n-áiritheofaí go mbeidh seirbhísí slána ardcháilíochta ar fáil lena ráthaítear aistriú digiteach sábháilte agus lena rannchuidítear le spriocanna a leagtar amach i gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach, go háirithe maidir leis an sprioc go dtosóidh 75 % de ghnóthais an Aontais ag baint úsáid as néalríomhaireacht, IS nó Mórshonraí, go mbainfidh níos mó ná 90 % de***

***mhicrifhiontair agus FBManna leibhéal bunúsach déine digití amach ar a laghad agus go dtairgfear príomhsheirbhísí poiblí ar líne.***

***(4c)*** ***Sa timpeallacht dhigiteach agus theicneolaíoch atá ann faoi láthair, atá ag athrú go tapa, tá éagsúlacht idir na hacmhainní oideachais agus an oiliúint fhoirmiúil atá ar fáil agus is féidir eolas a fháil ar bhealaí éagsúla, amhail ar bhealach foirmiúil, mar shampla trí ollscoil nó cúrsaí, agus ar bhealach neamhfhoirmeálta, mar shampla trí oiliúint ar an láthair oibre nó taithí oibre sheanbhunaithe sa réimse ábhartha.***

(5) Chomh maith le táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a chur in úsáid, cuirtear gnéithe seirbhíse breise ar fáil go minic le seirbhísí slándála bainistithe, ar gnéithe iad a bhíonn ag brath ar inniúlachtaí, saineolas agus taithí a bhfoirne. Ba cheart leibhéal an-ard de na hinniúlachtaí sin, den saineolas sin agus den taithí sin a bheith mar chuid de na cuspóirí slándála, chomh maith le nósanna imeachta inmheánacha iomchuí, chun cáilíocht an-ard de na seirbhísí slándála bainistithe a chuirtear ar fáil a áirithiú. Chun a áirithiú gur féidir gach gné de sheirbhís slándála bhainistithe a chumhdach le scéim ***thiomnaithe*** deimhniúcháin, is gá, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/881 a leasú. ***Agus scéimeanna deimhniúcháin a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo á bhforbairt, ba cheart torthaí agus moltaí na meastóireachta agus an athbhreithnithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur san áireamh.***

***(5a)*** ***D'fhonn fás mhargadh iontaofa an Aontais a éascú, agus comhpháirtíochtaí á gcruthú freisin le tríú tíortha atá ar aon intinn leis an Aontas, lena n-áirítear i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (2023/0109(COD)) maidir le rochtain ar Chúltaca Cibearshlándála an Aontais, ba cheart go ndéanfaí an próiseas deimhniúcháin arna bhunú sa chreat a bhunaítear leis an Rialachán seo a chuíchóiriú chun aithint idirnáisiúnta agus ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta a áirithiú.***

***(5b)*** ***Agus é mar aidhm acu forbairt mhargadh iontaofa an Aontais a áirithiú le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, ba cheart do sholáthraithe na seirbhísí sin***

6 Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le ... (IO L, ..., ELI: …).

***agus do na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus rannchuidiú le bailiú sonraí a bhaineann le staid agus éabhlóid an mhargaidh saothair cibearshlándála.***

***(5c)*** ***Tá cur chuige comhordaithe uile-Aontais i leith athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú bunaithe ar fhothú acmhainneachta na mBallstát. Mar sin féin, tá bearna thallainne roimh an Aontas, arb é is príomhthréith di ganntanas gairmithe oilte, chomh maith le bagairtí atá ag athrú go tapa mar a aithnítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 maidir leis an Acadamh Scileanna Cibearshlándála. Dá bhrí sin, chun teacht chun cinn seirbhísí slándála bainistithe fíor-riachtanacha ar ardcháilíocht a éascú agus chun forléargas níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh lucht saothair cibearshlándála an Aontais, ba cheart comhar idir na Ballstáit, an Coimisiún, ENISA agus geallsealbhóirí, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an lucht acadúil, a neartú trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a fhorbairt, trí thacú le tionscnaimh thaighde agus nuálaíochta, trí chaighdeáin chomhchoiteanna agus dheimhniú scileanna cibearshlándála a fhorbairt agus a aithint go frithpháirteach, lena n-áirítear tríd an gCreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála. Leis sin, ba cheart soghluaisteacht gairmithe cibearshlándála laistigh den Aontas a éascú chomh maith le comhtháthú eolais agus oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil i gcláir oideachais, agus rochtain ar phrintíseachtaí agus ar chúrsaí oiliúna a áirithiú do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga a bhfuil cónaí orthu i réigiúin faoi mhíbhuntáiste, amhail oileáin agus ceantair inar tearc an daonra, ceantair thuaithe agus ceantair iargúlta. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na bearta sin freisin níos mó ban agus cailíní a mhealladh chuig an réimse sin agus rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbearna idir na hinscní san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an earnáil phríobháideach freisin oiliúint ar an láthair oibre a chur ar fáil lena dtabharfar aghaidh ar na scileanna is mó a bhfuil éileamh orthu, lena mbaineann riarachán poiblí agus gnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le micrifhiontair agus FBManna.***

***(5d)*** ***Ba cheart cistiú agus acmhainní iomchuí a áirithiú chun críoch na gcúraimí breise a chuirtear de chúram ar ENISA leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/881 a thugtar isteach leis an Rialachán seo.***

*(5e)* ***Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[7]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

*(5e)* ***Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug an Maoirseoir tuairim an [LL/MM/BBBB][8],***

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

7 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

***8 IO C .../…***

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/881

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(1), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) creat chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú ar mhaithe le leibhéal leormhaith cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC, agus seirbhísí slándála bainistithe san Aontas a áirithiú, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála san Aontas.’;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí *(9)*, *(*10*)*agus *(*11*)*:

‘(9) ciallaíonn ‘scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála’ tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta a bhunaítear ar leibhéal an Aontais agus a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú nó measúnú comhréireachta táirgí TFC sonracha, seirbhísí TFC sonracha, próisis TFC shonracha nó seirbhísí slándála bainistithe;

’(10) ciallaíonn ‘scéim náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála’ tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta arna bhforbairt agus arna nglacadh ag údarás poiblí náisiúnta agus a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú nó measúnú comhréireachta táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe a chuimsítear faoi raon feidhme na scéime áirithe sin;

(11) ciallaíonn ‘deimhniú Eorpach cibearshlándála’ doiciméad a eisíonn comhlacht ábhartha lena bhfianaítear go bhfuiltear tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an táirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe atá i gceist maidir le comhlíonadh na gceanglas slándála sonrach arna leagan síos i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála;’;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(14a) ciallaíonn ‘seirbhís slándála bhainistithe’ seirbhís ***a sholáthraítear do thríú páirtí*** lena ndéantar gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca cibearshlándála, nó lena dtugtar cúnamh dóibh*, **nó comhairle ina leith,*** lena n-áirítear ***láimhseáil teagmhas**,* tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus comhairliúchán’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí ***(***20***)***, ***(***21***)*** agus ***(***22***)***:

‘(20) ciallaíonn ‘sonraíochtaí teicniúla’ doiciméad lena bhforordaítear na ceanglais theicniúla nach mór do tháirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe a chomhlíonadh, nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhaineann leis an méid sin*;*

(21) ciallaíonn ‘leibhéal dearbhúcháin’ bonn don mhuinín go gcomhlíontar ceanglais slándála de chuid scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála le táirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe, agus lena luaitear an leibhéal ag a ndearnadh an mheastóireacht ar tháirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe ach, mar sin, nach ndéantar leis slándáil an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe lena mbaineann a thomhas;

(22) ciallaíonn ‘féinmheasúnú comhréireachta’ gníomh a dhéanann monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe, lena ndéantar meastóireacht d’fhonn a fhíorú an bhfuil na ceanglais a leagtar síos i scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála á gcomhlíonadh leis na táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe;’***;***

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Cuirfidh ENISA úsáid an deimhnithe Eorpaigh cibearshlándála chun cinn d’fhonn ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Rannchuideoidh ENISA le creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le Teideal III den Rialachán seo, d’fhonn trédhearcacht chibearshlándáil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas

TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, an mhuinín as an margadh digiteach inmheánach agus a iomaíochas a threisiú.';

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh ENISA forbairt agus cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le deimhniú cibearshlándála táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe mar a bhunaítear le Teideal III den Rialachán seo a chur chun cinn agus tacóidh sé leis an méid sin trí na nithe seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fhorbairtí i réimsí gaolmhara a bhaineann leis an gcaighdeánú agus sonraíochtaí iomchuí teicniúla a mholadh a úsáidfear chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt de bhun Airteagal 54(1), pointe (c), i gcás nach mbíonn fáil ar chaighdeáin;

(b) scéimeanna iarrthacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála ('scéimeanna iarrthacha') a ullmhú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe i gcomhréir le hAirteagal 49;

(c) meastóireacht a dhéanamh ar scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir le hAirteagal 49(8);

(d) páirt a ghlacadh in athbhreithnithe piaraí de bhun Airteagal 59(4);

(e) cuidiú leis an gCoimisiún rúnaíocht a chur ar fáil don Ghrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (ECCG) faoi réir Airteagal 62(5).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfaidh ENISA treoirlínte a thiomsú agus a fhoilsiú agus dea-chleachtais a fhorbairt, maidir le ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus le hearnáil na tionsclaíochta ar bhealach foirmiúil struchtúrtha

trédhearcach.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Éascóidh ENISA bunú agus glacadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh bainistiú riosca agus i dtaobh slándáil táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe.’;

(5) in Airteagal 46, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Bunófar an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála chun na dálaí maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí leibhéal na cibearshlándála a mhéadú laistigh den Aontas ionas gur féidir cur chuige comhchuibhithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais i dtaca le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, d’fhonn margadh aonair digiteach a chruthú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe.

2. Leis an gcreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, déanfar foráil maidir le sásra chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú. Fianófar leis go gcomhlíonfaidh na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a ndearnadh meastóireacht orthu i gcomhréir le scéimeanna den chineál sin ceanglais slándála shonraithe chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí atá stóráilte nó tarchurtha nó próiseáilte nó feidhmeanna nó na seirbhísí a chuirtear ar fáil leis na táirgí, seirbhísí agus próisis sin ar feadh a saolré a chosaint. Ina theannta sin, fianófar leis go gcomhlíonfaidh seirbhísí slándála bainistithe a ndearnadh meastóireacht orthu i gcomhréir le scéimeanna den chineál sin ceanglais slándála shonraithe chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a bhfaightear rochtain orthu, a phróiseáiltear, a stóráiltear nó a tharchuirtear maidir le soláthar na seirbhísí sin, agus go soláthróidh baill foirne a bhfuil leibhéal an-ard eolais theicniúil ábhartha agus ionracais ghairmiúil acu na seirbhísí sin go leanúnach leis an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá.’*;*

(6) in Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Áireofar go háirithe ar chlár oibre rollach an Aontais liosta de tháirgí TFC, de sheirbhísí TFC, de phróisis TFC nó de chatagóirí díobh sin, agus liosta de

sheirbhísí slándála bainistithe, a bheadh in ann leas a bhaint as bheith san áireamh i raon feidhme scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála. ***Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar na conairí oiliúna atá ann cheana a áireamh chun na bearnaí scileanna arna sainaithint a líonadh, chomh maith le liosta tograí chun aghaidh a thabhairt ar na ngá atá le fostaithe oilte agus le scileanna áirithe.***

3. Is ar aon cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas a dhéanfar táirgí TFC sonracha, seirbhísí TFC sonracha agus próisis TFC shonracha nó catagóirí díobh sin, nó de sheirbhísí slándála bainistithe, a áireamh ar chlár oibre rollach an Aontais:

(a) scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a bheith ar fáil agus á bhforbairt lena gcumhdaítear aon chatagóir ar leith de tháirgí TFC, de sheirbhísí TFC, de phróisis TFC nó de sheirbhísí slándála bainistithe agus go háirithe i dtaca leis an riosca ilroinnte;

(b) dlí nó beartas ábhartha de chuid an Bhallstáit nó an Aontais;

(c) éileamh an mhargaidh*;*

***(ca) forbairtí teicneolaíocha agus infhaighteacht agus forbairt scéimeanna idirnáisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus caighdeán idirnáisiúnta agus tionsclaíoch.***

(d) forbairtí i réimse na mbagairtí cibearshlándála;

(e) iarratas go n-ullmhófaí scéim iarrthach shonrach ag ECCG.';

(7) ***leasaítear*** Airteagal 49 ***mar a leanas:***

***(a)*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

*'7.* ***Tugtar de chumhacht don*** Choimisiún, ar bhonn na scéime iarrthaí arna hullmhú ag ENISA, gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 65a, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** fhoráil a dhéanamh maidir le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 51, 52 agus 54***.';***

*(b)* ***cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***'7a. Sula nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin, déanfaidh sé, i gcomhar le ENISA, measúnú tionchair ar an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá beartaithe agus foilseoidh sé an measúnú tionchair sin. Agus an measúnú tionchair á ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin phoiblí agus rachaidh sé i gcomhairle le SCCG agus le ECCG.';***

(8) leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

***'Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC'***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Déanfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, nó próisis TFC a dhearadh ionas go mbainfear amach ar a laghad na cuspóirí slándála seo a leanas, de réir mar is infheidhme:'***;***

(9) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 51a

Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe

Déanfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe a dhearadh ionas go mbainfear amach ar a laghad na cuspóirí slándála seo a leanas amach, de réir mar is infheidhme:

(a) a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí slándála bainistithe leis an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá, lena n-áirítear go bhfuil leibhéal an-ard eolais theicniúil ábhartha agus inniúlachta sa réimse sonrach, taithí leordhóthanach agus iomchuí, agus an leibhéal is airde ionracais ghairmiúil ag na baill foirne atá freagrach as na seirbhísí sin a sholáthar;

(b) a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta inmheánacha iomchuí i bhfeidhm ag an soláthraí chun a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí slándála bainistithe ar

leibhéal an-ard cáilíochta i gcónaí;

(c) sonraí a bhfaightear rochtain orthu, a stóráiltear, a tharchuirtear nó a phróiseáiltear ar shlí eile i ndáil le soláthar seirbhísí slándála bainistithe, na sonraí sin a chosaint ar rochtain, stóráil, nochtadh, scriosadh, nó próiseáil eile, a dhéantar de thimpiste nó go neamhúdaraithe, nó ar chaillteanas nó ar athrú nó ar easpa infhaighteachta;

(d) a áirithiú go dtabharfar infhaighteacht sonraí, seirbhísí agus feidhmeanna, agus rochtain orthu sin, ar ais go tráthúil i gcás ina dtarlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil;

(e) a áirithiú nach bhféadfaidh daoine, feidhmchláir nó meaisíní údaraithe rochtain a fháil ach ar shonraí, seirbhísí agus feidhmeanna ar a bhfuil cearta rochtana acu;

(f) taifead a dhéanamh ar cé acu na sonraí, na seirbhísí nó na feidhmeanna a bhfuarthas rochtain orthu nó a úsáideadh nó a próiseáladh ar shlí eile, na hamanna a bhfuarthas an rochtain nó a ndearnadh an úsáid nó an phróiseáil agus an té a fuair an rochtain nó a rinne an úsáid nó an phróiseáil, agus é a shocrú go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar an méid sin;

(g) a áirithiú go bhfuil na táirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na próisis TFC a úsáidtear i soláthar na seirbhísí slándála bainistithe slán de réir réamhshocrú agus de réir dearaidh ***agus go gcuirfear bogearraí agus crua-earraí cothrom le dáta ar fáil dóibh,*** nach bhfuil aon leochaileacht aitheanta iontu agus go n-áirítear iontu na nuashonruithe slándála is déanaí;*'*

(10) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfar ceann amháin nó níos mó de na leibhéil dearbhúcháin seo a leanas a shonrú i leith táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála: 'bunúsach', 'substaintiúil' nó 'ard'. Beidh an leibhéal dearbhúcháin i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an úsáid a bheartaítear do tháirge TFC, do sheirbhís TFC, do phróiseas TFC nó do

sheirbhís slándála bhainistithe, i dtéarmaí a dhóchúla atá sé go dtarlóidh teagmhas agus i dtéarmaí thionchar an teagmhais.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Na ceanglais slándála a chomhfhreagraíonn do gach leibhéal dearbhúcháin, sonrófar iad sa scéim Eorpach ábhartha um dheimhniú cibearshlándála, lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí slándála comhfhreagracha agus déine agus doimhneacht chomhfhreagrach na meastóireachta a dhéanfar ar an táirge TFC, ar an tseirbhís TFC, ar an bpróiseas TFC nó ar an tseirbhís slándála bhainistithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5, 6 agus 7:

*'5.* Le deimhniú Eorpach cibearshlándála nó ráiteas comhréireachta ón Aontas lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin 'bunúsach', tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin nó an ráiteas comhréireachta ón Aontas sin eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu ar leibhéal iomchuí lena bhféachtar leis na rioscaí bunúsacha atá aitheanta i leith teagmhas agus cibirionsaithe a íoslaghdú. Áireofar sna gníomhaíochtaí meastóireachta, ar a laghad athbhreithniú ar dhoiciméadacht theicniúil. Nuair nach bhfuil meastóireacht den sórt sin iomchuí, úsáidfear gníomhaíochtaí ionadaíocha iontu lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach.

6. Le deimhniú Eorpach cibearshlándála lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin 'substaintiúil', tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu go leibhéal iomchuí lena bhféachtar le híoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí cibearshlándála aitheanta, agus ar bhaol teagmhas agus cibirionsaithe a dhéanann gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní teoranta acu. Áireofar na

nithe seo a leanas ar a laghad sna gníomhaíochtaí meastóireachta: athbhreithniú chun an easpa leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí a léiriú agus tástáil chun a léiriú go ndéantar na feidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe. I gcás nach bhfuil gníomhaíochtaí meastóireachta den sórt sin iomchuí, déanfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach.

7. Le deimhniú Eorpach cibearshlándála lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin 'ard' (i.e. 'ardleibhéal'), tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu go leibhéal iomchuí lena bhféachtar le híoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfadh gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní suntasacha acu cibirionsaithe úrscothacha. Áireofar na nithe seo a leanas ar a laghad sna gníomhaíochtaí meastóireachta: athbhreithniú chun easpa leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí a léiriú; tástáil chun a léiriú go ndéantar, leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe, na feidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart, ar an mbonn úrscothach; agus measúnú ar a bhfrithsheasmhacht in aghaidh ionsaitheoirí oilte, trí thástáil treáite. I gcás nach bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin iomchuí, déanfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhfaidh éifeacht choibhéiseach.';

(11) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. D'fhéadfaí a cheadú, le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, féinmheasúnú comhréireachta a chur i gcrích faoi fhreagracht mhonaróir nó sholáthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe agus faoina bhfreagracht siúd amháin. Beidh an féinmheasúnú comhréireachta sin infheidhme maidir le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe a mbaineann riosca íseal leo nó maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála agus a

chomhfhreagraíonn do leibhéal dearbhúcháin ‘bunúsach’, agus maidir leis na seirbhísí agus na táirgí sin amháin.

*2.* Féadfaidh monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe ráiteas comhréireachta ón Aontas a eisiúint ina ndeirtear gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sa scéim. Trí ráiteas den sórt sin a eisiúint, glacann monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe freagracht as comhlíontacht an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe leis na ceanglais a leagtar amach sa scéim sin.

3. Déanfaidh monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe an ráiteas comhréireachta ón Aontas, an doiciméadacht theicniúil, agus an fhaisnéis ábhartha uile eile a bhaineann le comhréireacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe le scéim a chur ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 58 ar feadh na tréimhse a shaineofar sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála. Cuirfear cóip den ráiteas comhréireachta ón Aontas faoi bhráid an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus faoi bhráid ENISA.’;

(12) in Airteagal 54, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ábhar agus raon feidhme na scéime deimhniúcháin, lena n-áirítear cineál nó catagóirí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe le ceanglais na ndeimhnithe Eorpacha cibearshlándála nó ceanglais na ráiteas comhréireachta ón Aontas, lena n-áirítear sásraí lena léiriú go bhfuil na ceanglais chibearshlándála shonraithe á gcomhlíonadh go leanúnach;’***;***

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

‘(l) rialacha a bhaineann leis na hiarmhairtí ar neamh-chomhréireacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe atá deimhnithe nó ar eisíodh ráiteas chomhréireachta ón Aontas ina leith, ach nach gcomhlíontar ceanglais na scéime leo;’***;***

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):

‘(o) scéimeanna a shainaithint, ar scéimeanna náisiúnta nó idirnáisiúnta um dheimhniú cibearshlándála iad, lena gcumhdaítear an cineál céanna nó na catagóirí céanna táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, ceanglas slándála, critéar agus modhanna meastóireachta, agus leibhéal dearbhúcháin;’***;***

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (q):

‘(q) tréimhse infhaighteachta an ráitis comhréireachta ón Aontas, na doiciméadachta teicniúla agus na faisnéise ábhartha uile eile atá le cur ar fáil ag monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó phróiseas na seirbhísí slándála bainistithe;’***;***

(13) leasaítear Airteagal 56 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Measfar go gcomhlíontar ceanglais scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Airteagal 49 le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe arna ndeimhniú faoi scéim den chineál sin***.***’;

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Déanfaidh an Coimisiún measúnú go tráthrialta ar éifeachtúlacht agus ar úsáid na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh agus ar cé acu a shocrófar nó nach socrófar, trí reachtaíocht ábhartha an Aontais, go bhfuil aon scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála le déanamh sainordaitheach trí reachtaíocht

ábhartha an Aontais chun leibhéal leordhóthanach cibearshlándála a áirithiú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe san Aontas agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Déanfar an chéad mheasúnú den sórt sin faoin 31 Nollaig 2023 agus ar a laghad gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Ar bhonn thoradh na measúnuithe sin, sainaithneoidh an Coimisiún na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear le scéim deimhniúcháin atá ann cheana agus beidh siad cumhdaithe le scéim deimhniúcháin shainordaitheach.';

(ii) leasaítear an tríú fomhír mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tionchar na mbeart ar mhonaróirí nó ar sholáthraithe na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe sin a chur san áireamh, agus an tionchar ar na húsáideoirí i dtéarmaí chostas na mbeart sin agus na leasanna sochaíocha nó eacnamaíocha a eascraíonn as an leibhéal feabhsaithe slándála a bhfuil coinne leis i leith na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe spriocdhírithe;';

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) na nithe seo a leanas a chur san áireamh: aon sprioc-am cur chun feidhme, aon bheart idirthréimhseach agus aon tréimhse idirthréimhseach, go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart ar mhonaróirí nó soláthraithe na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe, lena n-áirítear ***leasanna sonracha agus riachtanais shonracha micrifhiontar agus FBManna;';***

***(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:***

***'Maidir leis an tríú fomhír, pointe (d) den Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais iomchuí i gcreat rialála chláir an***

***Aontais atá ann cheana, go háirithe chun an t-ualach airgeadais ar mhicrifhiontair agus ar FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta atá ag gníomhú i réimse na seirbhísí slándála bainistithe, a laghdú.';***

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 agus 8:

'7. An duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe isteach le haghaidh deimhniúcháin, cuirfidh sé an fhaisnéis go léir is gá chun an próiseas deimhniúcháin a dhéanamh ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 58, i gcás inarb ionann an t-údarás sin agus an comhlacht a eisíonn an deimhniú Eorpach cibearshlándála, nó don chomhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 60.

8. An té a mbeidh deimhniú Eorpach cibearshlándála ina sheilbh, cuirfidh sé an t-údarás nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 7 ar an eolas faoi aon leochaileacht nó neamhrialtacht a bhraitear ina dhiaidh sin maidir le slándáil an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe atá deimhnithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh na gceanglas a bhaineann leis an deimhniú. Cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht sin an fhaisnéis sin ar aghaidh gan aon mhoill mhíchuí chuig an údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála lena mbaineann.'

(14) in Airteagal 57, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, scoirfidh scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus na nósanna imeachta gaolmhara do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe arna gcumhdach ag scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála d'éifeachtaí a bheith acu ón dáta arna bhunú leis an ngníomh ***tarmligthe*** arna ghlacadh de bhun Airteagal 49(7). Scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus na nósanna imeachta gaolmhara do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe nach gcumhdaítear le scéim Eorpach

um dheimhniú cibearshlándála, leanfaidh siad de bheith infheidhme.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála a thabhairt isteach le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear cheana faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá i bhfeidhm.';

(15) leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) rialacha a áirítear i scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Airteagal 54(1), pointe (j) maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na ndeimhnithe Eorpacha cibearshlándála a eisíodh ar a gcríocha féin le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, na rialacha sin a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú i gcomhar le húdaráis ábhartha eile um fhaireachas margaidh;

(b) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá ar mhonaróirí nó ar sholáthraithe na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe atá bunaithe ar a gcríocha féin, agus a chuireann féinmheasúnú comhréireachta i gcrích, agus na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú, agus go háirithe, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí na monaróirí nó na soláthraithe sin a leagtar amach in Airteagal 53(2) agus (3) agus sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála, agus na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) oibriú i gcomhar le húdaráis náisiúnta eile um dheimhniú cibearshlándála nó le húdaráis phoiblí eile, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chomhroinnt faoi na cásanna sin inar féidir nach bhfuil ceanglais an Rialacháin seo nó ceanglais na scéimeanna Eorpacha sonracha um dheimhniú cibearshlándála á gcomhlíonadh le táirgí

TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe; agus';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Oibreoidh údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála i gcomhar le chéile agus leis an gCoimisiún agus, go háirithe, trí fhaisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir leis an deimhniú cibearshlándála agus saincheisteanna teicniúla a bhaineann le cibearshlándáil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe.';

(16) in Airteagal 59(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) na nósanna imeachta maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh deimhnithe Eorpacha cibearshlándála de bhun Airteagal 58(7), pointe (a) le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe;

(c) na nósanna imeachta maidir le faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí monaróirí nó soláthraithe na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe de bhun Airteagal 58(7), pointe (b);'

***(16a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:***

***'Airteagal 65a***
***An tarmligean a fheidhmiú***

***1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.***

***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 49(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an***

***Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

***3.*** ***Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 49(7) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4.*** ***Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5.*** ***A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.***

***6.*** ***Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 49(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh [2 mhí] leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.;'***

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 67:

*'Airteagal 67*

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

***1.*** ***Faoin 28 Meitheamh 2024, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht ENISA agus a chleachtas oibre, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann***

***sainordú ENISA a mhodhnú agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht aon aiseolas a thugtar do ENISA mar fhreagairt ar a gníomhaíochtaí. I gcás ina measann an Coimisiún, i bhfianaise na gcuspóirí, an tsainordaithe agus na gcúraimí atá sannta di, nach bhfuil údar a thuilleadh le feidhmiú leanúnach ENISA, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaí an Rialachán seo a leasú i dtaca leis na forálacha a bhaineann le ENISA.***

***2. Sa mheastóireacht, déanfar measúnú ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht fhorálacha Theideal III den Rialachán seo i dtaca leis na cuspóirí leibhéal leormhaith cibearshlándála a áirithiú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe san Aontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.***

***3. Déanfar measúnú freisin sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas:***

***(a) éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta as a dtagann comhairliúchán, ullmhú agus glacadh scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, chomh maith le bealaí chun na nósanna imeachta sin a fheabhsú agus dlús a chur leo;***

***(b) an bhfuil gá le ceanglais fhíor-riachtanacha chibearshlándála i dtaca le rochtain a fháil ar an margadh inmheánach chun cosc a chur ar tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe nach gcomhlíonann ceanglais bhunúsacha chibearshlándála teacht isteach ar mhargadh an Aontais.***

***4. Faoin 28 Meitheamh 2024, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta i dteannta a conclúidí a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBord Bainistíochta. Cuirfear torthaí na tuarascála sin ar fáil don phobal.***'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe, agus tuigeann sí go bhfuil gá leis chun an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a nuashonrú agus a neartú trína cheadú seirbhísí tionsclaíocha tábhachtacha atá ag fás a chumhdach. Ós rud é go bhfuil na Ballstáit aonair tar éis tús a chur cheana féin le scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe a ghlacadh, tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil an leasú sin ar an nGníomh um Chibearshlándáil ríthábhachtach chun éagsúlachtaí suntasacha i scéimeanna náisiúnta a chosc, rud a d’fhágfadh go mbeadh ilroinnt sa mhargadh mar thoradh air, atá i gcoinne leasanna eacnamaíocha an Aontais agus leasanna straitéiseacha an Aontais freisin.

Ina leith sin, aithnítear an chaoi a bhfuil sé i gceist leis an togra seo an Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht a chomhlánú, go háirithe an síneadh sonrach sin leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, lena gceadófar do sheirbhísí slándála bainistithe – a chomhfhreagraíonn do ´sholáthraithe iontaofa´ sa Ghníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht – ról tábhachtach a bheith acu i gCúltaca Cibearshlándála an Aontais a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an-tábhacht ag baint leis an togra seo freisin maidir le hacmhainneacht chibearshlándála níos leithne a chothú san Aontas, rud atá fíor-riachtanach chun gníomhú in aghaidh bagairtí a d’fhéadfadh a bheith ann i réaltacht gheopholaitiúil atá ag síorathrú.

Laistigh de theorainneacha an togra ón gCoimisiún, is é cuspóir an Rapóirtéara an leasú spriocdhírithe sin ar an nGníomh um Chibearshlándáil a chomhdhlúthú agus tuilleadh soiléireachta a chur leis. Léirítear an méid sin le hathruithe an Rapóirtéara ar an sainmhíniú ar sheirbhísí slándála bainistithe, ag soiléiriú go bhfuil siad ‘seachfhoinsithe’, agus tuilleadh mionsonraí á dtabhairt aici i gcomhthráth ar an méid is féidir a áireamh sa sainmhíniú ag an am céanna. Is e is aidhm leis na leasuithe a cuireadh síos maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chibearshlándála a aithint ná cáilíocht níos airde muiníne a chothú agus rialacha cuimsitheacha de chuid an Aontais a fhorbairt ag an am céanna.

Leagtar béim níos láidre sa dréacht-tuarascáil seo ar aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna agus ar thacaíocht a thabhairt do mhicrifhiontair agus d’fhiontair bheaga agus

mheánmhéide. Maidir leis an mbearna scileanna, cuireann na leasuithe a cuireadh síos leis an ngá atá intuigthe cheana le scileanna sa scéim um dheimhniú cibearshlándála *vis-à-vis* 'an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá atá ag baill foirne a bhfuil leibhéal an-ard eolais theicniúil ábhartha agus ionracais ghairmiúil acu'. Dar leis an Rapóirtéir, agus comhar á chothú i measc na ngníomhaithe uile lena mbaineann agus idir na Ballstáit, an earnáil phríobháideach, an lucht acadúil agus institiúidí taighde, ní mór, leis an scéim deimhniúcháin Eorpach, treochlár nua a chumasú chun an lucht saothair a chur faoi oiliúint agus cumhacht a thabhairt dó, lena mbailítear tuilleadh sonraí maidir leis na scileanna is gá agus lena rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar an mbearna idir na hinscní i réimsí ETIM.

An tráth céanna, ba cheart do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad agus ar cinnte go bhfuil ról dearfach acu i dtionscal na cibearshlándála, tairbhe a bhaint as tacaíocht airgeadais iomchuí i gcreat rialála chláir an Aontais atá ann cheana chun aon ualach díréireach airgeadais a chuirtear orthu a mhaolú.

21.9.2023

## LITIR ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

An tUasal Cristian-Silviu Bușoi
Cathaoirleach
An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe (COM(2023)0208 – C9-0137/2023 – 2023/0108(COD))

A Cathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Bealtaine 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an coiste breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Meán Fómhair 2023 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin.

Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil reachtach.

Le dea-mhéin,

Anna Cavazzini

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Anna Cavazzini (Cathaoirleach), Andrus Ansip (Leas-Chathaoirleach), Krzysztof Hetman, (Leas-Chathaoirleach), Alex Agius Saliba, João Albuquerque, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Brando Benifei, Biljana Borzan, Vlad Marius Botoş, Deirdre Clune, Dita Charanzová, David Cormand, Carlo Fidanza, Malte Gallée, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne Sophie Pelletier, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak.

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an Coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

A. De bhrí gur fhoilsigh an Coimisiún togra reachtach maidir le seirbhísí slándála bainistithe lena mbaineann leasuithe spriocdhírithe ar Ghníomh an Aontais um Chibearshlándáil an 18 Aibreán 2023[2];

B. De bhrí, maidir leis an togra reachtach le haghaidh Ghnímh an Aontais um Chibearshlándáil (2017/0225(COD))[3], gur chuir an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) tuairim faoi iar-Riail 54 maidir leis na Rialacha Nós Imeachta faoi bhráid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) atá freagrach, coiste ag a bhfuil inniúlachtaí comhroinnte maidir leis an gcreat um dheimhniú cibearshlándála, i bhfianaise inniúlacht shoiléir IMCO maidir le scéimeanna deimhniúcháin agus, go ginearálta, caighdeánú, faireachas margaidh agus cur chun feidhme an Mhargaidh Aonair Dhigitigh;

C. De bhrí go bhfuil sé d'aidhm leis an nGníomh an Aontais um Chibearshlándáil[4] 1) ardleibhéal cibearshlándála, cibear-athléimneacht agus muiníne san Aontais a bhaint amach trí chuspóirí, cúraimí agus gnéithe eagraíochtúla do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) atá neartaithe agus athainmnithe, le sainordú nua buan, agus 2) creat do scéimeanna deonacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí, seirbhísí agus próisis theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC);

D. De bhrí, leis na leasuithe spriocdhírithe atá beartaithe chun seirbhísí slándála bainistithe a chur san áireamh i raon feidhme Ghníomh AE um Chibearshlándáil agus go gcuirtear leo sainmhíniú ar na seirbhísí sin atá ailínithe go dlúth leis an sainmhíniú faoi Threoir NIS 2[5]; de bhrí go gcuirfidh na leasuithe ar chumas an Choimisiúin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a ghlacadh le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, chomh maith le táirgí, seirbhísí agus próisis TFC, a chumhdaítear cheana faoi Ghníomh AE um Chibearshlándáil;

E. De bhrí go bhfuil ról ag seirbhísí slándála bainistithe maidir le teagmhais chibearshlándála a chosc agus a mhaolú, ar ról é atá ag éirí níos tábhachtaí.

1. á aithint gur iarr an Chomhairle an 23 Bealtaine 2022[6] go méadófaí leibhéal foriomlán na cibearshlándála san Aontas trí theacht chun cinn agus forbairt soláthraithe seirbhísí cibearshlándála iontaofa a éascú; á mheas, i measc nithe eile, go bhfuil gá le leibhéal níos airde cibearshlándála san Aontas agus ina Bhallstáit mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, ar an gcomhthéacs geopholaitiúil reatha agus ar na bagairtí leanúnacha ó chórais

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52023PC0208
[3] https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2017/0225(OLP)
[4] IO L 151, 7.6.2019, lch 15
[5] IO L 333/810, 27.12.2022
[6] 9364/22

tríú tíortha mar aon le margadh méadaitheach leanúnach na dteicneolaíochtaí digiteacha agus claochlú digiteach na bpróiseas i gcoitinne; á mholadh gur cheart don Choimisiúin bearta réamhghníomhacha a ghlacadh chun tacú le soláthraithe seirbhísí cibearshlándála iontaofa a fhorbairt amhail cistiú le haghaidh taighde agus forbartha, cláir oiliúna chun scileanna cibearshlándála a fhorbairt, agus dreasachtaí do ghnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa chibearshlándáil; á mholadh gur cheart don Aontas a chomhar le ECAT agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile a neartú chun freagairt ar chibearbhagairtí ó chórais tríú tíortha, lena n-áirítear faisnéis faoi bhagairtí a chomhroinnt, freachnaimh chomhpháirteachta, agus freagairtí comhordaithe ar chibearionsaithe;

2. á chur i bhfáth go bhfuil deimhniú na seirbhísí slándála bainistithe, bunaithe ar rialacha neamh-idirdhealaitheacha agus caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, bunriachtanach chun muinín i gcáilíocht na seirbhísí sin a chothú agus a ráthú, go háirithe agus é mar aidhm acu ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go bhfuil scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe glactha cheana féin ag roinnt Ballstát agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach ilroinnt sa mhargadh inmheánach agus neamhréireachtaí a sheachaint, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thionscal agus do ghnólachtaí cibearshlándála, agus cur chuige comhchuibhithe a chumasú trí scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a chruthú do na seirbhísí sin; á iarraidh gur cheart na dea-chleachtais ó na scéimeanna náisiúnta um dheimhniú atá ann cheana a ionchorprú sa chreat um dheimhniú cibearshlándála agus gur cheart é a fhorbairt i gcomhairle leis na príomh-gheallsealbhóirí i dtionscal na cibearshlándála;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil tábhacht leis an ról atá ag soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe i réimsí amhail freagairt ar theagmhais, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus an chomhairleoireacht chun cúnamh a thabhairt d'eintitis lena n-iarrachtaí cibeartheagmhais a chosc agus a bhrath, freagairt dóibh nó téarnamh uathu; á mheas, de réir mar a bhíonn níos mó agus níos mó cuideachtaí ag streachailt le córais bogearraí casta éagsúla agus líonraí corparáideacha idirnasctha a choinneáil, gur gá go mbeidís ag brath ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe agus, dá bhrí sin, gur cheart a mheas gur gné bhunriachtanach d'éiceachóras cibearshlándála an Aontais iad na soláthraithe sin; ag tabhairt dá haire, áfach, gur díríodh cibirionsaithe freisin ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe iad féin agus mar gheall ar a ndlúth-chomhtháthú in oibríochtaí a gcustaiméirí, d'fhéadfadh riosca ar leith a bheith ag baint leo;

4. á mheabhrú a thábhachtaí atá Treoir NIS 2 a glacadh le déanaí chun leibhéal níos airde cibear-athléimneachta a áirithiú ar fud an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí gníomhartha cur chun feidhme faoin Treoir seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe ceanglais na Treorach maidir le bearta bainistithe riosca cibearshlándála;

5. á mholadh gur cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe cloí le caighdeáin chibearshlándála ábhartha agus dul faoi athbhreithnithe rialta chun á áirithiú go bhfuil a gcórais slán chun cosaint a thabhairt ní hamháin do na soláthraithe iad féin ach do na heintitis a bhfónann siad dóibh freisin; á mheas gur cheart leis na hathbhreithnithe sin measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na soláthraithe leis an gcreat um dheimhniú cibearshlándála uile-Aontais agus ar a gcumas a gcórais agus córais a gcustaiméirí araon a chosaint ó chibearbhagairtí;

6. á chur in iúl gur geal léi an togra reachtach maidir le seirbhísí slándála bainistithe, a bhfuil sé mar aidhm leis cáilíocht na seirbhísí slándála bainistithe a fheabhsú agus a n-inchomparáideacht a mhéadú chun tairbhe fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus cur chun feidhme an Mhargaidh Aonair Dhigitigh; á chuir i bhfáth go bhfuil deimhniú seirbhísí slándála bainistithe ábhartha sa phróiseas roghnúcháin do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais agus gur táscaire suntasach cáilíochta agus iontaoibhe é freisin d'eintitis phríobháideacha agus phoiblí a bhfuil sé mar aidhm acu seirbhísí den sórt sin a cheannach;

7. ag tabhairt dá haire go neartaíonn an togra ról ENISA, ar cheart dó tacú le forbairt agus cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le deimhniú cibearshlándála táirgí, seirbhísí, próisis agus seirbhísí slándála bainistithe TFC, agus an beartas sin a chur chun cinn, trí fhaireachán rialta a dhéanamh ar fhorbairtí i réimsí gaolmhara caighdeánaithe agus trí shonraíochtaí teicniúla a mholadh, i gcás nach bhfuil caighdeáin ar fáil; á moladh gur cheart acmhainní agus údarás breise a thabhairt do ENISA chun a ról leathnaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear cistiú le haghaidh taighde agus forbartha, agus sainordú soiléir chun comhordú a dhéanamh le gníomhaireachtaí náisiúnta cibearshlándála agus geallsealbhóirí tionscail; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) chun spás digiteach intuartha agus sábhailte a bhaint amach do ghnólachtaí agus do shaoránaigh;

8. á iarraidh ar an gCoimisiúin agus ENISA tacú leis an scéim Eorpach um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil agus cur chun feidhme comhsheasmhach na scéime sin a áirithiú bunaithe ar rialacha neamh-idirdhealaitheacha agus caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a léiriú le haghaidh féinmheasúnú comhréireachta arna dhéanamh ag monaróir nó soláthraí tháirgí, sheirbhísí, phróisis nó sheirbhísí slándála bainistithe TFC, i gcomhréir le Gníomh an Aontais um Chibarshlándáil; á chreidiúint gur cheart go gcabhródh an cur chun feidhme le costais an chreidiúnaithe a fhritháireamh agus níos mó monaróirí nó soláthraithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa scéim;

9. á chur i bhfáth gur cheart go ndearfaí gach scéim um dheimhniú sa chaoi go spreagfar gach gníomhaí a bhfuil baint acu leis an earnáil lena mbaineann chun caighdeáin slándála, noirm theicniúla agus na prionsabail slándáil trí dhearadh agus príobháideachas trí dhearadh a fhorbairt agus a ghlacadh, ag gach céim de shaolré an táirge nó na seirbhíse; á thabhairt chun suntais gur gá ionchur ón tsochaí shibhialta agus ó thaighdeoirí slándála neamhspleácha a chur san áireamh ar bhealach níos córasaí agus na prionsabail sin á bhforbairt; á mheas gur cheart go mbeadh na scéimeanna deimhniúcháin comhsheasmhach le scéimeanna Eorpacha eile um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh i gcomhréir le Gníomh um Chibearshlándáil an Aontais Eorpaigh agus ba cheart go seachnófaí ualach díréireach ar sholáthraithe; á mholadh gur cheart go n-áireofaí sna scéimeanna deimhniúcháin treoirlínte soiléire agus mionsonraithe faoin gcaoi le prionsabail na slándála trí dhearadh agus an phríobháideachas trí dhearadh a chur chun feidhme, i gcás ina bhfuil na treoirlínte sin i gcomhréir leis na forálacha lena leagtar amach an creat le haghaidh scéimeanna Eorpacha um chibearshlándáil i nGníomh an Aontais um Chibearshlándáil; á mholadh, i gcás inar gá agus inar comhréireach, gur cheart sásra le haghaidh feabhas leanúnach a bheith i scéimeanna deimhniúcháin, amhail athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta ar na caighdeán slándála agus ar na noirm theicniúla; á mheas gur cheart go gcuirfí na forbairtí is déanaí maidir le bagairtí agus teicneolaíochtaí cibearshlándála san áireamh leis an sásra; ag spreagadh gur cheart go n-

áireofaí i ngach scéim deimhniúcháin bearta chun trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn, amhail nochtadh poiblí torthaí deimhniúcháin agus pionóis as neamh-chomhlíonadh;

10. á iarraidh go dtabharfaí isteach Lipéad Iontaoibhe AE deonach le haghaidh táirgí, seirbhísí, próisis agus seirbhísí slándála bainistithe TFC deimhnithe; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh an lipéad cabhrú le feasacht maidir le cibearshlándáil a mhéadú ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus go dtabharfadh sé buntáiste iomaíoch do chuideachtaí a bhfuil dea-dhintiúir chibearshlándála acu; á mholadh gur cheart Lipéad Iontaoibhe AE a dhearadh ionas go mbeidh sé so-aitheanta agus intuigthe go héasca do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí;

11. á mholadh don Choimisiúin agus do ENISA clár tiomnaithe taighde agus forbartha le haghaidh na cibearshlándála a bhunú; á mholadh gur cheart don Choimisiúin agus do ENISA creat measúnaithe riosca cibearshlándála a bhunú do ghnólachtaí ina mbeidh treoirlínte maidir le conas rioscaí cibearshlándála a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú, agus a d'fheadfaí a chur in oiriúint d'earnálacha agus méideanna éagsúla cuideachtaí; á mholadh gur cheart don Choimisiúin agus do ENISA cabhair agus cúnamh a chur ar fáil do na Ballstáit chun sásra tuairiscithe teagmhas cibearshlándála a bhunú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí chun bailiú sonraí maidir le teagmhais chibearshlándála a éascú, sonraí a d'fheadfaí a úsáid chun beartais agus cleachtais cibearshlándála a fheabhsú.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe |
| **Tagairtí** | COM(2023)0208 – C9-0137/2023 – 2023/0108(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 19.4.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>1.6.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO LIBE<br>1.6.2023 1.6.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | LIBE<br>30.5.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Josianne Cutajar<br>2.5.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 19.7.2023 19.9.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 57<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Romana Jerković, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marina Mesure, Dan Nica, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Sara Skyttedal, Riho Terras, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Tiziana Beghin, Franc Bogovič, Damien Carême, Martina Dlabajová, Francesca Donato, Matthias Ecke, Nicolás González Casares, Ladislav Ilčić, Luděk Niedermayer, Emma Wiesner |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Aušra Maldeikienė, Irène Tolleret |
| **Dáta don chur síos** | 26.10.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 57 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić |
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Marie Dauchy, Thierry Mariani |
| NI | Tiziana Beghin, Francesca Donato, Clara Ponsatí Obiols |
| PPE | Asim Ademov, Pascal Arimont, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Aušra Maldeikienė, Luděk Niedermayer, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Irène Tolleret, Emma Wiesner |
| S&D | Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Romana Jerković, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Damien Carême, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Manuela Ripa |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen |
| ID | Markus Buchheit |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh